Achoimre ar scoileanna nua atá lena n-oscailt in 2017 agus 2018

Ceantar	Méid*	Bliain ina n-osclófar	Bunscoil nó Iar-bhunscoil
Baile Pheiléid, Baile Átha Cliath 7 (ar a dtugtar freisin Baile Scriobail nó Baile an Ásaigh)	16	2017	Bunscoil
Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath	16	2017	Bunscoil
Baile an Chollaigh, Co. Chorcaí	8	2017	Bunscoil
Baile an Chairpintéaraigh & Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15 (Réiteach réigiúnach)	1,000	2017	Iar-bhunscoil
Cathair & Purláin Luimnigh (Iardheisceart)	600	2017	Iar-bhunscoil
Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath	1,000	2017	Iar-bhunscoil
Mullach Íde & Port Mearnóg, Co. Bhaile Átha Cliath (Réiteach réigiúnach)	1,000	2017	Iar-bhunscoil
Port Laoise, Co. Laoise	1,000	2017	Iar-bhunscoil
Sord, Co. Bhaile Átha Cliath	1,000	2017	Iar-bhunscoil
Baile Átha Cliath Lár na Cathrach ó Dheas (Réiteach réigiúnach)	24	2018	Bunscoil
Cathair & Purláin Luimnigh (Oirthear)	600	2018	Iar-bhunscoil
Baile Átha Cliath Lár na Cathrach ó Dheas (Réiteach réigiúnach)	1,000	2018	Iar-bhunscoil
Teach na Giúise, Baile Átha Cliath 24	1,000	2018	Iar-bhunscoil

*Is éard a chiallaíonn méid i gcás bunscoileanna ná an líon ranganna príomhshrutha. Is éard a chiallaíonn méid i gcás iar-bhunscoileanna ná an líon mac léinn.

Gaelcholáiste do Mhaigh Nuad lena oscailt in 2019

Osclaíodh Coláiste Pobail Mhaigh Nuad in 2014 agus Aonad lánGhaelach ann. In 2012, nuair a deimhníodh pátrúnacht na hiar-bhunscoile seo (Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin), de bhun iarratais ar phátrúnacht a fuarthas, agus fianaise ar thacaíocht tuismitheoirí leis, ón bhForas Pátrúnachta, cinneadh ar an gColáiste Pobail a oscailt leis an Aonad ann in 2014. Dúradh go gcuirfí Gaelcholáiste ar bun, dá léireofaí go raibh dóthain inmharthanachta san Aonad tar éis ceithre bliana, i samhail pátrúnachta comhpháirtíochta idir Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin agus An Foras Pátrúnachta. Moltar, i bhfianaise na tacaíochta atá ann i gcónaí do Ghaelcholáiste neamhspleách i gceantar Chill Dara Thuaidh agus na líonta a bhfuiltear ag súil leo san Aonad bunaithe ar rollacháin go nuige seo, go ndeimhneofaí bunú an Ghaelcholáiste seo faoi phátrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin agus an Fhorais Phátrúnachta in 2019, faoi réir ag dóthain inmharthanachta bheith san Aonad. Is é an riachtanas táscach méid don scoil ná *circa*. 500 mac léinn.

Ceantair eile ina bhféadfadh soláthar breise bheith ag teastáil

Tá raon de cheantair ar fud na tíre ag dul faoi bhrú méadaithe déimeagrafach agus coinneofar faoi athbhreithniú leanúnach iad. Léirítear leis na sonraí faoi láthair gur féidir go mbeidh scoileanna nua ag teastáil ag an iar-bhunleibhéal tar éis 2018 i gceantair ar nós: Cill Dara Theas; An Bóthar Buí (ceantar friothálach Chill Choca); Cathair na Gaillimhe; Iarthuaisceart Chathair Bhaile Átha

Cliath; ceantair Bhaile Átha Cliath 13 & Bhaile Átha Cliath 17; Cionn Átha Gad (ceantar friothálach Chill Liúcainne); agus ceantair Mhala agus Mhainistir Fhear Maí i gContae Chorcaí, agus ceantar Bhaile an Mhuilinn Bhaile Átha Cliath ag an mbunleibhéal.